2026/2308

16.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2308 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Spás Digiteach Eorpach (.IA) a chruthú ar mhaithe le Rialachas na hIntleachta Saorga Ceannasaí' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026)7098)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Lúnasa 2026 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Spás Digiteach Eorpach (.IA) a chruthú ar mhaithe le Rialachas na hIntleachta Saorga Ceannasaí' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é is aidhm don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, 'a iarraidh ar an gCoimisiún creat a mholadh le haghaidh spásanna digiteacha a mbaineann ardleibhéal iontaoibhe leo agus dul i mbun caibidlíochta ar an leibhéal Eorpach le ISO agus ICANN d'fhonn an fearann .IA a chosaint'. Leag na heagraithe trí chuspóir amach: '1. Creat de chuid an Aontais Eorpaigh a mholadh lena gcuirfear chun cinn 'Spásanna Digiteacha a mBaineann Ardleibhéal Iontaoibhe Leo' agus timpeallachtaí tástála (boscaí gainimh) le haghaidh intleacht shaorga eiticiúil san Aontas'; '2. A chumhachtaí ionadaíochta seachtraí a fheidhmiú agus caibidlíocht a dhéanamh le ISO (Gníomhaireacht 3166) agus ICANN/IANA d'fhonn an t-ainmspás .IA a fhorchoimeád, a chosaint agus a leithdháileadh mar shócmhainn de cheannasacht dhigiteach na hEorpa (de bhun Rialachán (AE) 2019/517)'; '3. A áirithiú go n-ionchorpráfar i gclárú agus i réiteach an fhearainn .IA an Chéannacht Dhigiteach Cheannasach (eIDAS 2.0), iniúchadh algartamach trédhearcach (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus cosaint sonraí pearsanta (RGCS), agus ar an dóigh sin, caighdeán domhanda eiticiúil dlíthiúil a bhunú.' In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tá tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis.

(3) Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé tograí a ghlacadh le haghaidh gníomhartha dlí maidir le spás sonraí agus bonneagair sonraí a rialáil, lena n-áirítear fearainn, ar bhonn Airteagail 16, 114, 172 nó 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(4) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(5) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(6) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(7) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Spás Digiteach Eorpach (.IA) a chruthú ar mhaithe le Rialachas na hIntleachta Saorga Ceannasaí' a chlárú.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

(9) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Spás Digiteach Eorpach (.IA) a chruthú ar mhaithe le Rialachas na hIntleachta Saorga Ceannasaí'.

Airteagal 2

Tá an Cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Spás Digiteach Eorpach (.IA) a chruthú ar mhaithe le Rialachas na hIntleachta Saorga Ceannasaí', grúpa a bhfuil Eloy LÓPEZ SÁNCHEZ agus Aristeidis TSITIRIDIS ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 6 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún